‘Gnó le Gaeilge, Q Marc’

Doiciméad le haghaidh Barúil Phoiblí

Tréimhse aighneachta: **23 Meitheamh 2008 – 1 Lúnasa 2008**

Ullmhaithe ag: Mentor Gaeilge
Bóthar Uí Dhuinneacha,
Cill Áirne,
Co. Chiarraí.

Teileafón: (064) 26486

Facs: (064) 26487

Suíomh Lín: www.mentorgaeilge.ie

Email: eolas@mentorgaeilge.ie

Doiciméad le haghaidh Barúil Phoiblí amháin.

Inneachar **Leathanach**

1.0 Réamhrá 3

2.0 Téarmaí agus Sainmhínithe 3

3.0 Scóp..... 4

4.0 Réimse Feidhmiúcháin 5

5.0 Mí-úsáid ainmníochta 5

5.1 Úsáid an lógó dámhachtana 5

6.0 Tréithe Leithleacha 'Q Mharc Gnó le Gaeilge' 6

6.1 Riachtanais Ghinearálta 6

6.1.1 Plean..... 6

6.1.2 Cur i nGníomh..... 6

6.1.3 Athbhreithniú..... 8

Tagairtí..... 9

Aguisín 11

Doiciméad le haghaidh Barúil Phoiblí amháin.

Foróga faoin Sonraíocht atá Dlite:

‘Gnó le Gaeilge, Q Marc’ mar shonraíocht caighdeánach uile oileán na hÉireann maidir le húsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó.

1.0 Réamhrá

Cad é an ‘Gnó le Gaeilge, Q Marc’?

Is éard atá i gceist le ‘Gnó le Gaeilge, Q Marc’, cur ar chumas eagraíochtaí gnó measúnú, forbairt agus caipitiliú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge mar uirlis chomhlántach ghnó agus margaíochta. Leagann an caighdeán amach na riachtanais agus na modhanna measúnaithe íosta a theastaíonn chun Q Mharc Gnó le Gaeilge a bhaint amach.

Trí chur le tréithe dúchasacha nó ‘Éireannacha’, ciallaíonn an ‘Gnó le Gaeilge, Q Marc’ tuiscint ar agus gealltanas don dátheangachas sa ghnó, cultúr trí mheán na teanga agus ceannaire margaidh i soláthar nuálach seirbhísí do chustaiméirí.

2.0 Téarmaí agus Sainmhínithe

Ar mhaithe leis an gcaighdeán seo, tá na téarmaí agus na sainmhínithe seo a leanas á gcur i bhfeidhm.

Gnó: Beagnach aon rud ar gairm bheatha é seachas pléisiúr – aon rud ar gairm bheatha é nó dualgas a éilíonn aird mar ghnó.[1]

Rannpháirtí: Aon duine aonair, eagraíocht nó gnó a bhfuil súil acu an dámhachtain seo a chur i ngníomh.

SME: Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SME) (‘Micrea níos lú ná 10, Beag níos lú ná 50 fostaí, Meánmhéid níos mó ná 50 fostaí).[2]

Comhlacht Corparáideach: Is éard is Comhlacht Corparáideach ann, comhlacht nó cnuasach daoine a bhfuil beithsine agus cearta agus dualgais acu i súile an dlí seachas daoine aonair a fhoirmíonn é ó am go ham .i. comhlacht atá cláraithe faoi Acht na gCuideachta, údarás áitiúil nó comhlacht a bunaíodh trí chairt .[1]

Gníomhaíocht Ghnó: Próiseas gnó atá ionstraimithe ag an mBainistíocht, nó próiseas gnó atá ina shraith de ghníomhaíochtaí atá ag réisiú córais iolracha.

Doiciméad le haghaidh Baráil Phoiblí amháin.

Tairbhe Ghnó / **Thráchtála**: Gnóthachan Airgeadais, Deis Mhargaíochta / Cur Chun Cinn.

Úinéir na Dámhachtana: Comhlacht san earnáil phoiblí.

Foras Cáiliúcháin: Comhlacht neamhspleách, le taithí fhorleathan ag plé le gnó agus cur i ngníomh caighdeáin.

Iniúchadh Scileanna: An measúnú córasach ar scileanna teanga daoine aonair maidir le 'Gnó le Gaeilge, Q Marc' agus ionchais.

Caipiteal Sóisialta: An chiall agus an mhuinín i bpobal áirithe. Is réamhriachtanas atá sa chaipiteal sóisialta le haghaidh comhoibriú agus iompar eagraithe daonna, gnó san áireamh. Is féidir caipiteal sóisialta a athrú, a úsáid nó a shlánú, mar is féidir a dhéanamh le caipiteal airgid. [3]

3.0 Scóp

3.1 Sonraíonn an caighdeán:

(1) An limistéar tíreolaíochta a chlúdaíonn an scéim dhámhachtana.

(2) Gnónna atá incháilithe don dámhachtain.

(3) Riachtanais / critéir atá riachtanach chun an Q Mharc Gnó le Gaeilge a bhaint amach.

(4) Modh deimhnithe.

3.2 Sonraíonn an caighdeán:

(1) Faighteoir na dámhachtana agus na céimeanna is gá a ghlacadh chun tréithe leithleacha an Q Mharc Gnó le Gaeilge a bhaint amach.

4.0 Réimse Iarratais – Cé leis a mbaineann an 'Gnó le Gaeilge, Q Marc'?

4.0.1 Baineann an caighdeán uile-oileáin seo le gach gnó príobháideach ar fud oileán na hÉireann, a chuireann in iúl i scríbhinn nó go leictreonach (mura bhfuil a mhalairt ráite ag úinéir na dámhachtana) an foras cáiliúcháin ar mian leo go ndéanfar scrúdú air faoi scáth na scéime dámhachtana.

Doiciméad le haghaidh Baróil Phoiblí amháin.

4.0.2 Baineann an ‘Gnó le Gaeilge, Q Marc’ le gach gnó, is cuma má bhí úsáid na Gaeilge inchorpaithe go foirmiúil i ngníomhaíochtaí an chomhlachta roimhe seo nó mura raibh.

4.0.3 Díreoidh an próiseas ar réimsí gnó ina bhfuil tairbhe gnó / tráchtála maidir le húsáid na Gaeilge.

4.0.4 Cuirfear béim go príomha ar úsáid dhátheangach na Gaeilge, seachas ar úsáid aonteangach.

4.0.5 Nuair nach féidir riachtanas de chuid an chaighdeáin a chur i bhfeidhm de bharr nádúr na gníomhaíochta nó an táirge, d’fhéadfaí é a chur san áireamh le haghaidh eisiatacht. Tá eisiatachtaí teoranta do riachtanais na míre 6.0.

5.0 Mí-úsáid an Ainmnithe ‘Q Mharc Gnó le Gaeilge’

5.0.1 Faoi réir na soláthairtí a bhaineann leis an gcaighdeán uile-oileáin seo agus rialacháin a bhaineann le táirge / bronnadh / lipéadú / cóipcheart an ainmnithe seo, ní úsáidfear ‘Q Mharc Gnó le Gaeilge’ (leis féin nó i gcónasc le focail eile) chun cur síos a dhéanamh ar ghnó/ghníomhaíochtaí aon eagraíocht nach bhfuil na tréithe leithleacha a bhaineann le ‘Gnó le Gaeilge, Q Marc’ bainte amach acu agus nach gcloíonn leis an gcaighdeán uile-oileáin seo.

5.1 Úsáid an lógó dámhachtana

5.1.1 Bronnfaidh an foras cáiliúcháin an duais tar éis iarratais ón rannpháirtí, measúnú de réir critéir an chaighdeáin agus/nó cuairt suímh.

5.1.2 Tá na critéir le haghaidh úsáid/ainmniú an lógó leagtha amach i mír 6.1 sa doiciméad seo.

5.1.3 Sainmhíneoidh úinéir na dámhachtana:

- úsáid an lógó, mar shampla ar theastais, ar tháirgí nó ar dhoiciméadú eile.

- modh bainte an lógó nuair a chuirfear deireadh leis an dámhachtain, nó nuair nach mbaintear critéir na dámhachtana amach.

Doiciméad le haghaidh Baráil Phoiblí amháin.

6.0 Tréithe Leithleacha an 'Gnó le Gaeilge, Q Marc'.

6.1 Riachtanais Ghinearálta

- Plean
- Cur i nGníomh
- Athbhreithniú

6.1.1 Pleanáil

Aidhm: rannpháirtithe a chur ar an airdeall go gcaithfear an dátheangachas a chur i ngníomh céim ar chéim chun na hacmhainní atá ar fáil a chinntiú chomh maith leis na hacmhainní a bheidh de dhíth a dhearbhú.

Beidh sé de dhualgas ar an rannpháirtí:

- Pleanáil le haghaidh caidreamh gníomhach leis an teanga mar uirlis chomhlántach ghnó agus mhargaíochta ón leibhéal bainistíochta is sinsearaí, agus dianiarracht a dhéanamh a bheith mar cheannaire margaidh i soláthar seirbhís dátheangach nuálach do chustaiméirí.
- Coiste a bhunú agus cúraimí a roinnt.
- Socrú a dhéanamh polasaí teanga a bhunú.
- Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i ngníomh a mbeidh toil na bhfostaithe, na gcliant agus an phobail uilig leis.
- Measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcás reatha sa ghnó, ag aithint na gcéimeanna riachtanacha is gá a thógáil le dul i dtreo dámhachtain a bhaint amach *.
- Riachtanais traenála teanga a mheas.

*Le hathdhéanamh mar chuid den phróiséas athbhreithnithe.

6.1.2 Cur i nGníomh

Aidhm: Glacadh leis na struchtúir bhunúsacha, na próiséis agus na gníomhaíochtaí is gá a ghlacadh chuig an ngnó le dul i dtreo an dátheangachais.

6.1.2.1 Margaíocht agus Cur Chun Cinn agus Fógraíocht

Beidh sé de dhualgas ar an rannpháirtí:

Doiciméad le haghaidh Baráil Phoiblí amháin.

- Treoirlínte maidir le 'Gnó le Gaeilge, Q Marc' agus atá infheidhmithe do ghnónna a fhorbairt agus a chur i ngníomh (feic aguisíní) – íomhá dhátheangach a fhorbairt.
- 'Ciall fheasacht chultúrtha' a léiriú mar chuid de chultúr an chomhlachta tríd an ngnó.

6.1.2.2 Foghlaim agus Forbairt Foirne

Beidh sé de dhualgas ar an rannpháirtí:

- Traenáil teanga a bhaineann leis an obair nó an dátheangachas a ghlacadh chuige féin mar chuid den pholasaí traenála gnó, san áit a oireann.
- Scileanna teanga atá ag na fostaithe cheana féin a aithint trí mheasúnú scileanna.
- Soláthar a dhéanamh le haghaidh traenáil teanga ar an suíomh nó den suíomh, san áit a oireann.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhoghlaim teanga ag eatraimh a bheidh le sonrú ag an rannpháirtí lena chinntiú go mbeidh toradh dearfach air do chách.
- Deiseanna Eile *

* Faoi dhiscréid an ghnó.

6.1.2.3 Baint agus Cumhachtú

Beidh sé de dhualgas ar an rannpháirtí:

- Poist dhátheangacha a chruthú.
- Daoine / teagmhálacha dhátheangacha a shonrú.
- Cruinnithe a reáchtáil sa dá theanga oifigiúil, nuair a oireann.
- Doiciméadú dátheangach a chur ar fáil, nuair a oireann.
- An Ghaeilge agus imeachtaí cultúrtha a ionchollú laistigh d'imeachtaí Spóirt agus an Chlub Sóisialta.
- Seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil nuair is féidir agus nuair is gá.
- Cur chuige uile-chuimsithe maidir le feasacht teanga, feasacht chultúrtha agus dátheangachas a ghlacadh chuige féin laistigh den ghnó.

Doiciméad le haghaidh Barúil Phoiblí amháin.

6.1.3 Athbhreithniú

Aidhm: Measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus na chéad chéimeanna eile a phleanáil.

6.1.3.1 Feidhmiúchán agus éifeachtacht an chur i ngníomh laistigh den chomhlacht a thomhas.

Beidh sé de dhualgas ar an rannpháirtí:

- Luacháil a dhéanamh ar an bpleanáil ghnó – monatóireacht agus meastúchán a dhéanamh ar an suíomh reatha tar éis an plean a chur i ngníomh.
- Luacháil a dhéanamh ar chaipiteal sóisialta méadaithe.
- Monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar leibhéil reatha soláthar seirbhísí ****.
- Laigí a aithint agus bearta ceartaitheacha a mholadh.
- Cumhachtú foirne/cliant a aithint.
- Rath agus éifeachtaí dearfacha an phróiseis a chur chun cinn.

6.1.3.2 Feabhas Leanúnach

- Féinmheasúnú – 'Ról na teanga i bPlean Straitéiseach an ghnó'.

Doiciméad le haghaidh Baráil Phoiblí amháin.

Tagairtí

Ionchorpaíonn an doiciméad seo soláthairtí ó fhoilseacháil eile trí thagairtí dátaithe nó neamhdhátaithe. Tá na tagairtí seo luaite san áit chuí sa téacs agus tá na foilseacháin/gníomhaireachtaí liostáilte thíos.

1. Henry Murdoch, A dictionary of Irish Law, 4ú hEagrá (Tottel, Sussex 2004)
2. Jim Curran, Ceann an Taighde, ISME.
3. Jargon Buster, Source Rebecca Collings, Business in The Community, UK, http://www.bitc.org.uk/resources/jargon_buster/index.html (2007-01-10)
4. Canadian Heritage, 'Making your Organisation Bilingual', Guide and Practical Tools, http://www.pch.gc.ca/guide/contactez_nous_e.html ceadaithe (2007-12-06)
5. NSAI, Draft For Comment, Irish Standard 417, 1988
6. NSAI, Draft For Comment, Irish Standard 355, 2005
7. Investors in People Nothern Ireland.

Doiciméad le haghaidh Barúil Phoiblí amháin.

Comhlachtaí a ceadaíodh mar chuid den taighde

1. FÁS - Excellence through People Award
2. Investing in People Northern Ireland
3. NSAI - The National Standards Authority of Ireland.
4. EIQA – Excellence Ireland Quality Association.
5. BITC - Business in the Community Ireland
6. BITCNI – Business in the Community Northern Ireland.
7. Chambers Ireland
8. Enterprise Ireland
9. Entertrade Ireland.
10. IBEC – Irish Business and Employers Confederation.
11. SFA - Small Firms Association.
12. ISME – Irish Small and Medium Enterprise.
13. Department of Enterprise Trade and Investment Northern Ireland
14. Department of Culture Arts and Leisure Northern Ireland.
15. Department of Enterprise Trade and Employment
16. Údaras na Gaeltachta
17. An Coimisinéir Teanga
18. Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta
19. Gaillimh le Gaeilge
20. Forbairt Feirste
21. Forbairt Feirste Thiar
22. An Ceathrú Gaeltachta

Doiciméad le haghaidh Baráil Phoiblí amháin.

Aguisín

Doiciméad le haghaidh B ain.